



ACMHAINN 6

Aiste le dalta darb ainm Viricorci, 9 mbliana d’aois, Márta 1916

“A mháistreás. An obair atá mé ag iarraidh a dhéanamh. Cén fáth. A bheith i mo shaighdiúir i Rang 17. Ar ndóigh chun an diabhal Gearmánach a mharú agus dhéanfainn sin ar son na Fraince agus ar son mo THÍRE DÚCHAIS. Ba mhaith liom a bheith sa trinse agus an bheagnit a ropadh iontu chun go sceitheadh an *sauerkraut* amach as a mbolg. Ba mhaith liom a bheith i measc na ngaicíoch agus na gcoisithe coilíneacha mar go ngabhaimid don bheagnit nó go n-éalódh muid suas ar na bithiúnaigh de Ghearmánaigh agus an cloigeann a bhaint glan anuas díobh ...”

Foinse: *Luaite ag M. Pignot, Allons enfants de la patrie, op. cit., p. 143; arna fhoilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na Fraince ar a [láithreán gréasáin do thaispeántais ar líne a bhaineann leis an gCéad Chogadh Domhanda ‘14-18’](#)*

Sliocht as téacsleabhar léitheoireachta bunscoile ó 1941

‘Rúmaíl, rúmaíl, máirseáil, máirseáil, máirseáil! Hurá! Ceol! Ceol! Sin saighdiúirí. Tá siad ag máirseáil i gcolúin triúir, clogad cruach orthu agus airm acu. Tá an captaen ag marcaíocht rompu. Tá an Chros Iarainn ar a thaobh clé agus tá colm ar a éadan. Cén áit ar bhuaile an piléar é? San Iorua, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Afraic nó sa Rúis? Tá scéalta cogaidh aige. Tá na saighdiúirí óga faoi bhrat deannaigh. Cá as a bhfuil siad ag teacht? Cá bhfuil a dtriall? Tá meaisínghunnaí agus ball airtléire ina ndiaidh. Stadann an ceol. Tá na saighdiúirí ag rá amhráin: “Tá bláth beag amuigh ar an gcluain, ’s é an t-ainm a thugtar air ná...”.’

Foinse: *Fibel für die Volksschulen Württembergs (Stuttgart: Verlag der Union Deutsche Verlagsgesellschaft, 1941), [Cartlann Bolscaireachta Ghearmánaí](#)*

Sliocht as alt in iris sheachtainiúil do pháistí bunscoile i bPoblacht Dhaonlathach na Gearmáine

‘De bharr rath an tsóisialachais agus fhás a chlú idirnáisiúnta, chuaigh fuath an Impiriúlachais do Phoblacht Dhaonlathach na Gearmáine i méid go mór, go háirithe sa Ghearmáin Thiar. Rinne sé iarracht dochar a dhéanamh dúinn nuair ab fhéidir. Bhain ár naimhde feidhm go háirithe as an teorainn oscailte le Beirlín Thiar. Níor leor dóibh sin. Bheartaigh an tImpiriúlachas cogadh. Aithníodh a gcuid pleananna in am. I gcomhaontú leis an Aontas Sóivéadach agus le tíortha eile Chomhaontú Vársá, chuir muid deireadh le bearta an Iarthair an 13 Lúnasa 1961. Dhún muid ár dteorainneacha.’

Foinse: *Trommel (‘An Druma’), iris sheachtainiúil do pháistí bunscoile i bPoblacht Dhaonlathach na Gearmáine, [Cartlann Bolscaireachta Gearmánaí](#)*

*Páistí scoile a scríobh cuid mhór den ábhar. Tá an sliocht seo, as alt a chomórann 25 bliana ó síníodh Comhaontú Vársá, ar *Ich. 5 d’eagrán Uimh. 16/1980. Tá léarscáil ann a thaispeánann bunáiteanna Meiriceánacha timpeall ar an Aontas Sóivéadach, agus luaitear an tairbhe a bhaineann le Balla Bheirlín.**

- Cén choinbhleacht atá faoi iomrá i ngach ceann de na sleachta seo?
- Cén cur síos a dhéanfa ar an gcineál cainte a úsáidtear?
- Cad iad na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir na téacsanna éagsúla?